6.1. Réamhrá

Braithfidh rath an phróisis pleanála teanga sa Ghaeltacht ar cé chomh maith agus a éireoidh leis na háisíneachtaí tacaíochta Gaeltachta dul i bhfeidhm ar an bpobal áitiúil agus ar an stát. Tá **maoiniú leordhóthanach** agus **cur chuige úrnua** ag teastáil chun na haidhmeanna a bhaineann leis an bpróiseas a bhaint amach ar mhaithe le dul i ngleic leis an ndúshlán teanga. Tá gá le ceannaireacht láidir stáit, idirghníomhaíocht na n-áisíneachtaí Gaeltachta (ceanneagraíocht na pleanála teanga go príomha) agus rannpháirtíocht ghníomhach dhearfach an phobail áitiúil chun cur chuige nua, **a thabharfaidh cosaint do na cainteoirí baile/dúchais Gaelainne agus a ardóidh líon na gcainteoirí laethúla sa phobal**, a chur chun cinn i gCorca Dhuibhne. Mar a míníodh i Mír 3, is é an líon beag cainteoirí dúchais/baile Gaelainne i measc na hóige, mar aon leis an sealbhú easnamhach atá á dhéanamh acu seo ar an dteanga, príomhdhúshlán an phobail Ghaeltachta. **Gan tosaíocht a thabhairt don bpríomhdhúshlán seo atá sna ceantair Ghaeltachta atá i gCatagóir A na Gaeltachta, is beag is fiú aon phlean teanga a fheidhmiú.**

Bíonn an-tionchar ag an tslí a fheidhmíonn eagrais agus institiúidí stáit/pobail, eagraíochta deonacha, cumainn spóirt is caitheamh aimsire agus gnónna áitiúla/stáit ó thaobh na Gaelainne de, ar an tslí a fheidhmíonn an pobal áitiúil ó thaobh úsáid na teanga de. Tá tuairimí agus nósmhaireacht daoine aonair agus grúpa pobail an-tábhachtach chomh maith i réimse na pleanála teanga. Mar chuid den bpróiseas seo chun an plean teanga/forbartha pobail a réiteach, reáchtáladh cruinnithe le coistí na n-eagraíochtaí seo go léir i gCorca Dhuibhne (féach Mír 4) mar aon le hiliomad agallamh, grúpaí fócais agus suirbhé pobail chun **bearta teanga** a bhailiú a thacóidh ar shlite éagsúla leis an gcur chuige nua seo – **cosaint a thabhairt do na cainteoirí baile/dúchais Gaelainne agus líon na gcainteoirí laethúla sa limistéar pleanála teanga seo a ardach.** Tá cur síos anois sa mhír seo ó 6.3 ar aghaidh ar na bearta go léir a bailíodh mar chuid d'obair pháirce an phlean seo. Tosnófar ag cur na bearta seo i bhfeidhm má mhaoinítear an plean seo.

Táthar ag súil go mbeidh gach eagraíocht/institiúid pobail/stáit/deonach sa dúthaigh ag feidhmiú ar bhonn comhtháite faoin bpróiseas chun an sprioc chéanna seo a bhaint amach. Beidh tacaíocht sa chur chuige seo don bpobal áitiúil Gaeltachta. Táthar ag súil go rachaidh an próiseas (bearta a chur i bhfeidhm trasna na réimsí pleanála teanga/forbartha pobail agus feasacht an phróisis a scaipeadh) i bhfeidhm ar an bpobal áitiúil, go roghnóidh daoine nua an Ghaelainn mar theanga teaghlaigh agus mar theanga pobail, go gcuirfidh an pobal áitiúil an teanga chun cinn san earnáil deonach agus gnó agus go n-éileoidh an pobal seirbhísí poiblí agus sóisialta trí Ghaelainn. Níos tábhachtaí fós, táthar ag súil go gcothóidh feidhmiú an

phlean **gréasán tacaíochta níos láidre d'úsáid agus do shaibhriú na teanga do na cainteoirí laethúla agus teaghlaigh Ghaelainne** atá sa Limistéar Pleanála Teanga seo cheana féin.